Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9908/24**

**ANTIDISCRIM 84**
**COCON 24**
**COHOM 108**
**COPEN 237**
**DROIPEN 135**
**EDUC 173**
**FREMP 240**
**JAI 788**
**MIGR 221**
**SOC 363**
**STATIS 68**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Bealtaine 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 218 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 16ú cruinniú de chuid Choiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le moladh agus dréachtchonclúidí atá dírithe chuig cúig Stát is Páirtithe a ghlacadh i ndáil leis an gCoinbhinsiún sin a chur chun feidhme ag na Stáit sin, i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 218 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 218 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.5.2024
COM(2024) 218 final

2024/0120 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 16ú cruinniú de chuid Choiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le moladh agus dréachtchonclúidí atá dírithe chuig cúig Stát is Páirtithe a ghlacadh i ndáil leis an gCoinbhinsiún sin a chur chun feidhme ag na Stáit sin, i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 16ú cruinniú de chuid Choiste na bPáirtithe ('CoP') i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl' nó 'an Coinbhinsiún') an 31 Bealtaine 2024, maidir le dréachtmholadh agus ceithre dhréachtchonclúid atá dírithe chuig cúig Stát is Páirtithe i ndáil leis an gCoinbhinsiún a chur chun feidhme a ghlacadh mar atá beartaithe.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Coinbhinsiún Iostanbúl

Is é is aidhm do Choinbhinsiún Iostanbúl sraith rialacha cuimsitheacha agus comhchuibhithe a leagan síos chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac san Eoraip agus níos faide i gcéin. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2014.

Shínigh an tAontas Eorpach an Coinbhinsiún i mí an Mheithimh 2017, agus thug sé i gcrích an nós imeachta aontachais agus dhá ionstraim formheasa á dtaisceadh aige an 28 Meitheamh 2023, lenar tionscnaíodh teacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin don Aontas Eorpach an 1 Deireadh Fómhair 2023. D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoina inniúlacht eisiach, is é sin maidir le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais[1] agus i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le *non-refoulement*[2]. Shínigh Ballstáit uile an Aontais an Coinbhinsiún ach níl an Coinbhinsiún daingnithe ach ag 22 Bhallstát[3].

### 2.2. Coiste na bPáirtithe

Ionadaithe na bPáirtithe sa Choinbhinsiún a bheidh in CoP[4]. Ní mór do na páirtithe saineolaithe den chéim is airde is féidir a ainmniú, mar ionadaithe dá gcuid, i réimse chosc agus chomhrac an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh[5]. Liostaítear na cúraimí a thugtar do CoP i Riail 1 dá Rialacha Nós Imeachta[6]. An 1 Deireadh Fómhair 2023, rinneadh Páirtí i gCoinbhinsiún Iostanbúl den Aontas agus, dá bhrí sin, rinneadh comhalta de CoP de (Airteagal 67(1) den Choinbhinsiún).

---

1 Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais (IO L 143 I, 2.6.2023,lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1075/oj).

2 Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus le tearmann agus *non-refoulement* (IO L 143 I, 2.6.2023, lch 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1076/oj).

3 Stádas na ndaingnithe an 21.5.2024: AT (2013); BE (2016); CY (2017); DE (2017); DK (2014); IE (2019); EL (2018); ES (2014); EE (2017) FI (2015); FR (2014); HR (2018); IT (2013); LU (2018); MT (2014); NL (2015); PL (2015); PT (2013); RO (2016); SI (2015); SV (2014), LV (2023).

4 *Committee of the Parties - Istanbul Convention: Action against violence against women and domestic violence (coe.int)* [Coiste na bPáirtithe - Coinbhinsiún Iostanbúl: Gníomhaíocht in aghaidh foréigean ar mhná agus foréigean baile (coe.int)]

5 Riail 2.1.b de na Rialacha Nós Imeachta Choiste na bPáirtithe

6 Doiciméad IC-CP(2015)2, a glacadh an 4 Bealtaine 2015.

### 2.3. Sásra faireacháin Choinbhinsiún Iostanbúl

Cuirtear sásra faireacháin ar bun le Coinbhinsiún Iostanbúl chun a áirithiú go gcuirfidh na Páirtithe forálacha an Choinbhinsiúin chun feidhme go héifeachtach[7]. Is é is cuspóir don chuid sin measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear forálacha an Choinbhinsiúin i bhfeidhm agus treoraíocht a thabhairt do pháirtithe. Tá dhá chomhlacht ar leith sa sásra ach bíonn siad ag obair i gcomhar le chéile: sainchomhlacht neamhspleách, an Grúpa Saineolaithe um Ghníomhaíocht in aghaidh Foréigean ar Mhná agus Foréigean Baile ('GREVIO') agus CoP.

Is grúpa saineolaithe neamhspleách neamhchlaonta é GREVIO maidir le gníomhaíocht in aghaidh foréigean ar mhná agus foréigean baile a bhfuil sé de chúram air faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Choinbhinsiún Iostanbúl de réir tíre, i gcomhréir le hAirteagal 66(1) den Choinbhinsiún. Is é atá in GREVIO 15 chomhalta arna roghnú as measc náisiúnaigh na bPáirtithe agus arna dtoghadh ag CoP le haghaidh téarma oifige 4 bliana, téarma a fhéadfar a athnuachan uair amháin.

Tugtar tuairisc ar an nós imeachta faireacháin in Airteagal 68 den Choinbhinsiún. Go hachomair, ní mór do gach Páirtí tuarascáil a chur isteach bunaithe ar cheistneoir arna ullmhú ag GREVIO, maidir le bearta reachtacha agus bearta eile lena dtugtar éifeacht d'fhorálacha an Choinbhinsiúin. Ar bhonn na faisnéise sin, chomh maith le faisnéis a fhaightear ón tsochaí shibhialta, ó chomhlachtaí conartha eile, ó chomhlachtaí eile de chuid Chomhairle na hEorpa agus ó chuairteanna ar thíortha, ullmhaíonn GREVIO dréacht-tuarascáil maidir leis na bearta a rinne an Páirtí lena mbaineann chun forálacha an Choinbhinsiúin a chur chun feidhme agus tugann sé moltaí agus tograí maidir leis an gcaoi a bhféadfaidh an Páirtí fadhbanna sainaitheanta a láimhseáil[8]. Tar éis deis a thabhairt don Pháirtí barúil a thabhairt ar an tuarascáil, glacfaidh GREVIO a thuarascáil chríochnaitheach[9]. Tá conclúidí sa tuarascáil ina leagtar béim ar na bearta atá le déanamh ag an bPáirtí lena mbaineann chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme.

Ar bhonn thuarascálacha GREVIO agus a chonclúidí, féadfaidh CoP, i gcomhréir le hAirteagal 68(12) den Choinbhinsiún, moltaí a ghlacadh a bheidh dírithe chuig an bPáirtí lena mbaineann maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin agus dáta a shocrú chun faisnéis a chur isteach maidir lena gcur chun feidhme. Ar bhonn na forála sin, de réir na nósanna imeachta comhaontaithe, glacann CoP moltaí a dhéanfaidh idirdhealú idir na gníomhaíochtaí sin a mheasann sé gur cheart don Pháirtí lena mbaineann a dhéanamh a luaithe is féidir, agus ceanglas ann tuairisc a thabhairt dó maidir leis na bearta a rinneadh ina leith sin laistigh de thréimhse 3 bliana, agus na bearta sin a mheasann CoP a d'fhéadfaí a fhágáil ar leibhéal tánaisteach, cé go bhfuil siad tábhachtach[10]. Ag deireadh na tréimhse 3 bliana, ní mór don Pháirtí tuairisc a thabhairt do CoP maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na mbeart sin. Ar bhonn na faisnéise sin, agus aon fhaisnéis bhreise a fhaightear ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, ón tsochaí shibhialta agus ó institiúidí náisiúnta chun cearta an duine a chosaint, glacfaidh CoP conclúidí maidir le cur chun feidhme na moltaí i ndáil le gach Páirtí faoi athbhreithniú, arna n-ullmhú ag Rúnaíocht an Choinbhinsiúin[11]. Go dtí seo, ba é an

---

7 Airteagal 1(2) de Choinbhinsiún Iostanbúl.

8 Airteagal 68(10) de Choinbhinsiún Iostanbúl.

9 Airteagal 68(11) de Choinbhinsiún Iostanbúl.

10 Shocraigh CoP an nós imeachta is infheidhme maidir le moltaí a eisiúint ag an 4ú cruinniú dá chuid an 30 Eanáir 2018 agus déantar tuairisc air sa Phlépháipéar maidir le Moltaí a ghlacadh ag Coiste na bPáirtithe i bhfianaise thuarascálacha agus thograí/mholtaí GREVIO, IC-CP(2018)6.

11 Sainítear an nós imeachta is infheidhme maidir le maoirseacht a dhéanamh ar an gcur chun feidhme agus ar an tuairisciú sa '*Framework for supervising the implementation of the recommendations*

cleachtas a bhí ag CoP moltaí agus conclúidí a ghlacadh ar bhonn comhthola ag a chruinnithe a thionólfar arna iarraidh sin[12], dhá uair sa bhliain de ghnáth.

### 2.4. Na gníomhartha atá beartaithe ag Coiste na bPáirtithe

An 31 Bealtaine 2024, le linn an 16ú cruinniú dá chuid, foráiltear go ndéanfaidh CoP an dréachtmholadh agus na dréachtchonclúidí seo a leanas a ghlacadh ('na gníomhartha atá beartaithe' nó 'an dréachtmholadh agus na dréachtchonclúidí'):

- Moladh maidir le cur chun feidhme Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ag Lichtinstéin [IC-CP(2024)1-prov];
- Conclúidí maidir le cur chun feidhme moltaí i leith Andóra arna nglacadh ag Coiste na bPáirtithe [IC-CP(2024)2-prov];
- Conclúidí maidir le cur chun feidhme moltaí i leith na Beilge arna nglacadh ag Coiste na bPáirtithe [IC-CP(2024)3-prov];
- Conclúidí maidir le cur chun feidhme moltaí i leith Mhálta arna nglacadh ag Coiste na bPáirtithe [IC-CP(2024)4-prov]; agus
- Conclúidí maidir le cur chun feidhme moltaí i leith na Spáinne arna nglacadh ag Coiste na bPáirtithe [IC-CP(2024)5-prov].

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Tá na gníomhartha atá beartaithe dírithe chuig cúig Stát is Páirtithe agus áirítear iontu moltaí maidir le bearta atá le déanamh chun Coinbhinsiún Iostanbúl a chur chun feidhme chomh maith le conclúidí maidir le moltaí roimhe seo a bheith á gcur chun feidhme ag na Stáit is Páirtithe. Áirítear orthu ábhair a bhaineann le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ag institiúidí ábhartha agus ag an riarachán poiblí. D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún a mhéid atá feidhm aige maidir lena institiúidí agus lena riarachán poiblí agus a mhéid atá inniúlacht eisiach aige glacadh le hoibleagáidí a leagtar amach sa Choinbhinsiún maidir lena institiúidí agus lena riarachán poiblí féin, faoi raon feidhme Airteagal 336 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CoP maidir le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais a bhunú, ós rud é go bhféadfadh na gníomhartha atá beartaithe tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar dhlí an Aontais sa mhéid go bhféadfaidís difear a dhéanamh do léirmhíniú fhorálacha ábhartha an Choinbhinsiúin amach anseo.

Tá an dréachtmholadh agus na dréachtchonclúidí maidir le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, i ndáil lena institiúidí féin agus lena riarachán poiblí féin, i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais agus ní ábhar imní iad maidir le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe nach gcuirfidh an tAontas i gcoinne ghlacadh an dréachtmholta agus na ndréachtchonclúidí ag an 16ú cruinniú de CoP.

---

*addressed to state parties*' [Creat chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí a dhírítear chuig stáit is páirtithe], arna ghlacadh ag CoP an 13 Aibreán 2021, IC-CP/Inf(2021)2, CoP Supervision Framework_adopted (coe.int).

[12] Airteagal 67(2) den Choinbhinsiún.

## 4. AN BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) CFAE déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[13].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é CoP a cuireadh ar bun le Coinbhinsiún Iostanbúl. Na gníomhartha atá beartaithe a iarrtar ar CoP a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. D'fhéadfadh na gníomhartha atá beartaithe tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar dhlí an Aontais, toisc go bhféadfaidís difear a dhéanamh do léirmhíniú fhorálacha ábhartha Choinbhinsiún Iostanbúl amach anseo. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe ar ina leith a ghlacfar seasamh thar ceann an Aontais. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí aige an tráth céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna ann, atá i ndlúthnasc do-scartha le chéile gan aon cheann acu a bheith teagmhasach maidir leis an gceann eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na bunúis chomhfhreagracha dlí éagsúla a áireamh sa bhunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

A mhéid a bhaineann leis an mbunús dlí substainteach, d'aontaigh an tAontas le Coinbhinsiún Iostanbúl a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoina inniúlacht eisiach, is é sin maidir le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais[14] agus maidir le hábhair a

---

[13] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

[14] Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais, IO L 143 I, 2.6.2023,lch. 1.

bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le *non-refoulement*[15]. Roinneadh aontachas an Aontais le Coinbhinsiún Iostanbúl ina dhá chinneadh ar leith ón gComhairle chun seasamh speisialta na Danmhairge agus na hÉireann a chur san áireamh maidir le Teideal V CFAE. Dá bhrí sin, tá an cinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in CoP le roinnt ina dhá chinneadh, nuair a bhaineann na moltaí nó na conclúidí ábhartha leis an dá ábhar.

An bunús dlí le haghaidh an chinnidh seo, baineann sé le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais. Dá bhrí sin, is é Airteagal 336 CFAE an bunús dlí substainteach le haghaidh an chinnidh seo.

### 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 336 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, ba cheart a bheith ina mbunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

15 Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus le tearmann agus *non-refoulement*, IO L 143I, 2.6.2023, lch 4.

Togra le haghaidh
2024/0120 (NLE)

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 16ú cruinniú de chuid Choiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le moladh agus dréachtchonclúidí atá dírithe chuig cúig Stát is Páirtithe a ghlacadh i ndáil leis an gCoinbhinsiún sin a chur chun feidhme ag na Stáit sin, i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 336 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas Eorpach Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (‘an Coinbhinsiún’) chun críche le Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle[1], a mhéid a bhaineann le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais, agus le Cinneadh (AE) 2023/1076[2] ón gComhairle, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus *non-refoulement*, agus tháinig sé i bhfeidhm i leith an Aontais an 1 Deireadh Fómhair 2023.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 66(1) den Choinbhinsiún, cuireadh de chúram ar an nGrúpa Saineolaithe um ghníomhaíocht in aghaidh foréigean ar mhná agus foréigean baile (‘GREVIO’) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin ag a Pháirtithe. De bhun Airteagal 68(11) den Choinbhinsiún, tá GREVIO lena thuarascálacha agus a chonclúidí a ghlacadh maidir leis na bearta arna ndéanamh ag an bPáirtí lena mbaineann chun forálacha an Choinbhinsiúin a chur chun feidhme.

(3) Féadfaidh Coiste na bPáirtithe sa Choinbhinsiún moltaí atá dírithe chuig an bPáirtí lena mbaineann a ghlacadh, i gcomhréir Airteagal 68(12) den Choinbhinsiún. Tá na moltaí bunaithe ar thuarascálacha GREVIO agus déantar idirdhealú iontu idir na bearta sin a mheasann Coiste na bPáirtithe gur cheart don Pháirtí lena mbaineann a dhéanamh a luaithe is féidir, agus ceanglas ann tuairisc a thabhairt do Choiste na bPáirtithe maidir leis na bearta a rinneadh ina leith sin laistigh de thréimhse 3 bliana,

[1] Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais (IO L 143 I, 2.6.2023,lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1075/oj).

[2] Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus le tearmann agus *non-refoulement* (IO L 143 I, 2.6.2023, lch 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1076/oj).

agus na bearta sin a mheasann Coiste na bPáirtithe a d'fhéadfaí a fhágáil ar leibhéal tánaisteach, cé go bhfuil siad tábhachtach. Ag deireadh na tréimhse 3 bliana, ní mór don Páirtí tuairisc a thabhairt do Choiste na bPáirtithe maidir leis na gníomhartha a rinneadh, laistigh de 10 réimse shonracha den Choinbhinsiún. Ar bhonn na faisnéise sin, agus aon fhaisnéis bhreise a fhaightear ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, ón tsochaí shibhialta agus ó institiúidí náisiúnta chun cearta an duine a chosaint, tá Coiste na bPáirtithe le conclúidí a ghlacadh maidir le cur chun feidhme na moltaí, arna n-ullmhú ag Rúnaíocht an Choiste.

(4) Tá coinne leis go nglacfaidh Coiste na bPáirtithe, le linn an 16ú cruinniú a bheidh aige an 31 Bealtaine 2024, an dréachtmholadh seo a leanas agus ceithre dhréachtchonclúid, maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ag cúig Stát is Páirtithe (an dréachtmholadh agus na dréachtchonclúidí):

– Moladh maidir le cur chun feidhme Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ag Lichtinstéin [IC-CP(2024)1-prov];

– Conclúidí maidir le cur chun feidhme moltaí i leith Andóra arna nglacadh ag Coiste na bPáirtithe [IC-CP(2024)2-prov];

– Conclúidí maidir le cur chun feidhme moltaí i leith na Beilge arna nglacadh ag Coiste na bPáirtithe [IC-CP(2024)3-prov];

– Conclúidí maidir le cur chun feidhme moltaí i leith Mhálta arna nglacadh ag Coiste na bPáirtithe [IC-CP(2024)4-prov]; agus

– Conclúidí maidir le cur chun feidhme moltaí i leith na Spáinne arna nglacadh ag Coiste na bPáirtithe [IC-CP(2024)5-prov].

(5) Tá inniúlacht eisiach ag an Aontas glacadh le hoibleagáidí a leagtar amach sa Choinbhinsiún maidir lena institiúidí agus lena riarachán poiblí féin, faoi raon feidhme Airteagal 336 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I dTuairim 1/19 (Coinbhinsiún Iostanbúl) uaithi an 6 Deireadh Fómhair 2021, EU:C:2021:832, mír 305, dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil cuid shuntasach d'oibleagáidí an Choinbhinsiúin a bhaineann le bearta coisctheacha agus cosanta a ghlacadh ina gceangal ar an Aontas, go bunúsach, a mhéid a bhaineann leis an bhfoireann ina riarachán agus a mhéid a bhaineann le baill den phobal a thugann cuairt ar áitribh agus ar fhoirgnimh a institiúidí, a ghníomhaireachtaí agus a chomhlachtaí. Thairis sin, i mír 307 den Tuairim chéanna, chinn an Chúirt nár cheart don Aontas é féin a theorannú do cheanglais ná do bhearta tacaíochta íosta a bhunú, ach gur cheart dó féin a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí sin ina n-iomláine.

(6) Baineann an dréachtmholadh agus na dréachtchonclúidí le cur chun feidhme fhorálacha an Choinbhinsiúin a bhfuil feidhm acu freisin maidir leis an Aontas i dtaca lena institiúidí féin agus lena riarachán poiblí féin. Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste na bPáirtithe i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais a bhunú, ós rud é go bhféadfadh na gníomhartha atá beartaithe tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar dhlí an Aontais sa mhéid go bhféadfaidís difear a dhéanamh do léirmhíniú fhorálacha ábhartha an Choinbhinsiúin amach anseo.

(7) Maidir le Lichtinstéin, áirítear sa dréachtmholadh maidir leis an gCoinbhinsiún a chur chun feidhme an gá atá le straitéis chuimsitheach nó plean gníomhaíochta cuimsitheach a fhorbairt chun gach cineál foréigin a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún a chosc agus a chomhrac (Airteagal 7 den Choinbhinsiún), buiséadú

inscne agus cistiú atá curtha i leataobh a áirithiú chun suimeanna a chaitear ar aghaidh a thabhairt ar fhoréigean in aghaidh na mban agus ar fhoréigean teaghlaigh ag gach institiúid ábhartha a shainaithint (Airteagal 8 den Choinbhinsiún), acmhainní daonna agus airgeadais a leithdháileadh ar chomhlachtaí comhordúcháin (Airteagal 10 den Choinbhinsiún), suirbhéanna daonra-bhunaithe a dhéanamh ar gach cineál foréigin a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún agus taighde ar staid íospartach ban a chur chun cinn (Airteagal 11 den Choinbhinsiún), líne chabhrach theileafóin thiomnaithe ar fud an stáit atá saor in aisce a áirithiú (Airteagal 24 den Choinbhinsiún) agus úsáid a bhaint as orduithe urchoisc póilíneachta chun cosaint íospartach a áirithiú (Airteagal 52 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil na moltaí maidir leis na hábhair sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais agus nach bhfuil aon ábhar imní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne ghlacadh an mholta atá dírithe chuig Lichtinstéin.

(8) Maidir le hAndóra, áirítear sna dréachtchonclúidí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin an gá atá lena áirithiú go bhfaighidh na páirtithe leasmhara ábhartha acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais (Airteagal 8 agus Airteagal 25 den Choinbhinsiún), chun cur chuige comhordaithe agus trasearnálach a áirithiú chun foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac (Airteagal 7 den Choinbhinsiún), chun gníomhaíochtaí taighde rialta a chur chun cinn maidir le staid gach cineáil foréigin a chumhdaítear le raon feidhme an Choinbhinsiúin (Airteagal 11 den Choinbhinsiún) agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag íospartaigh ar orduithe urchoisc éigeandála i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún (Airteagal 52 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil na conclúidí maidir leis na hábhair sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais agus nach bhfuil aon ábhar imní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne ghlacadh na gconclúidí atá dírithe chuig Andóra.

(9) Maidir leis an mBeilg, áirítear sna dréachtchonclúidí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin an gá atá le sonraí a bhailiú maidir le foréigean in aghaidh na mban (Airteagal 11 den Choinbhinsiún) agus a áirithiú go bhfaighidh sainseirbhísí tacaíochta cistiú ar bhealach lena n-áiritheofar go leanfar dá seirbhísí (Airteagail 8 agus 25 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil na conclúidí maidir leis na hábhair sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais agus nach bhfuil aon ábhar imní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne ghlacadh na gconclúidí atá dírithe chuig an mBeilg.

(10) Maidir le Málta, áirítear sna dréachtchonclúidí maidir leis an gCoinbhinsiún a chur chun feidhme an gá atá leis an gcomhar le gníomhaithe neamhrialtasacha a neartú, lena n-áirítear iad siúd a sholáthraíonn sainseirbhísí tacaíochta, agus a áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach i gceapadh na mbeartas ábhartha ar bhonn éifeachtach (Airteagal 7 den Choinbhinsiún), chun a áirithiú go mbaileofar sonraí go cuimsitheach i ndáil le gach cineál foréigin a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún (Airteagal 11 den Choinbhinsiún), agus chun a áirithiú go mbeidh an reachtaíocht i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún a mhéid a bhaineann le horduithe urchoisc éigeandála agus le horduithe cosanta (Airteagail 52 agus 53 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil na conclúidí maidir leis na hábhair sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais agus nach bhfuil aon ábhar imní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne ghlacadh na conclúide atá dírithe chuig Málta.

(11) Maidir leis an Spáinn, áirítear sna dréachtchonclúidí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin an gá atá le leibhéal na tacaíochta agus na cosanta d'íospartaigh ar mná iad ar fud na tíre a chomhchuibhiú agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart ábhartha (Airteagail 10 agus 25 den Choinbhinsiún). Ós rud é go bhfuil na conclúidí maidir leis na hábhair sin i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais agus nach bhfuil aon ábhar imní iontu maidir le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh nach ndéanfar agóid i gcoinne ghlacadh na gconclúidí atá dírithe chuig an Spáinn,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 16ú cruinniú de Choiste na bPáirtithe, arna bhunú faoi Airteagal 67 den Choinbhinsiún, nach ndéanfar agóid i gcoinne ghlacadh na ngníomhartha seo a leanas:

(1) Moladh maidir le cur chun feidhme Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ag Lichtinstéin [IC-CP(2024)1-prov];

(2) Conclúidí maidir le cur chun feidhme moltaí i leith Andóra arna nglacadh ag Coiste na bPáirtithe [IC-CP(2024)2-prov];

(3) Conclúidí maidir le cur chun feidhme moltaí i leith na Beilge arna nglacadh ag Coiste na bPáirtithe [IC-CP(2024)3-prov];

(4) Conclúidí maidir le cur chun feidhme moltaí i leith Mhálta arna nglacadh ag Coiste na bPáirtithe [IC-CP(2024)4-prov]; agus

(5) Conclúidí maidir le cur chun feidhme moltaí i leith na Spáinne arna nglacadh ag Coiste na bPáirtithe [IC-CP(2024)5-prov].

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*